

Céimeanna sa Phróiseas Uchtála

1. Measúnacht

2. Breithniú

3. Cinneadh

Tugtar treoir céim ar chéim maidir leis an bpróiseas uchtála in Éirinn sa trí sreabhchairt seo a leanas. Tá gluais curtha ar fáil againn mar thagairt, de bharr go bhfuil roinnt téarmaí giorraithe sna cairteacha. Chomh maith leis sin, tá roinnt téarmaí nach mór dúinn a úsáid measartha foirmeálta, mar sin tá siad mínithe againn sa ghluais ar mhaithe le soiléireacht.


Tá eochair dathanna curtha ar fáil againn lena léiriú an duine nó an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomhaíochtaí áirithe. Tá súil againn go mbeidh an ghluais ina chuidiú agat.

Gluais:

Giorrúcháin:

AAI	Údarás Uchtála na hÉireann
Bord AAI	Bord Údarás Uchtála na hÉireann a thugann breith ar chúrsaí uchtála nuair is gá
AAI ICA	An tAonad um Uchtáil Idir Tíortha laistigh den AAI a riarann an próiseas uchtála idir tíortha
AAI SW	An fhoireann oibre sóisialta laistigh d'Údarás Uchtála na hÉireann
PACT	Gníomhaireacht uchtála atá creidiúnaithe ag an AAI chun measúnachtaí a dhéanamh i gcomhair tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha
Tusla	An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a dhéanann measúnachtaí i gcomhair tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha
Téarmaí:	
Breithniú:	Iniúchadh agus measúnacht ar an bhfaisnéis uile atá curtha ar fáil ag na hiarratasóirí, an gníomhaireacht mheasúnachta, oibríthe sóisialta, agus mar sin de.
Cinneadh:	Cinneadh an Bhoird nó an Aonaid um Uchtáil Idir Tíortha cibé acu Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta a eisiúint nó gan é a eisiúint
An tIarratas a Dhiúltú	Más rud é go bhfuil an Bord chun an t-iarratas a dhiúltú, ciallaíonn sin nach bhfuil siad sásta ligean don iarratas dul ar aghaidh gan faisnéis bhreise a iarraidh ar na hiarratasóirí.

Eochair Sreabhchairte




=

Iarratasóirí



= Gníomhaireacht Mheasúnachta / Coiste Uchtála Áitiúil



=


AAI ICA



=

Bord AAI

1. Measúnacht



2. Breithniú

Sa chás gur **diúltaíodh** an Mheasúnacht nó an Moladh



Déanann Bord bileog an cháis a chuir an ICA i dtoll a chéile a mheas. Áirítear air sin:

- Measúnacht agus Toradh TUSLA / PACT
- Moladh LAC



Féadfar tuilleadh eolais a iarraidh ar ghníomhaireacht mheasúnachta



Is féidir doiciméad i scríbhinn a chur ar aghaidh chuig AAI agus/nó cruinniú chun Eolas a Roinnt le Bord AAI a réachtáil



Measann Bord AAI:

- Measúnacht na Gníomhaireachta Measúnachta
- Moladh an Choiste Uchtála Áitiúil
- Aon doiciméad eile atá curtha ar aghaidh
- Imeachtaí an Chruinnithe chun Eolas a Roinnt (má tharla sé)


Deimhníonn an Bord dó féin ansin maidir le incháilitheacht agus oiriúnacht na n-iarraitasóirí.



Sásta



Míshásta



Bogadh ar aghaidh

Chuig Céim 3 - Cinneadh

3. Cinneadh

